BUS CONNECTS

TRANSFORMING CITY BUS SERVICES

# Libhré Bus nua a Dhearadh

Suirbhé
Deireadh Fómhair
2017





# Libhré Bus a Dhearadh

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) ar lorg tuairimí daoine maidir leis an gcuma a bheidh ar libhré bus le haghaidh oibreoir seirbhíse nua i mórcheantar uirbeach Bhaile Átha Cliath.

Roghnaíodh Go-Ahead mar thairgeoir tosaíochta don chonradh a bhaineann le 24 cinn de bhusbhealaí oibleagáide seirbhíse poiblí a oibriú ar fud Bhaile Átha Cliath. Meastar go dtosóidh sé ag oibriú roinnt de na bealaí sin faoi dheireadh mhí na Samhna 2018 agus go mbeidh na bealaí uile á n-oibriú faoi mhí Feabhra 2019.

Déanfaidh NTA níos mó ná 120 bus a chistiú agus a chur ar fáil do na hoibríochtaí sin. Beidh gá ann leis an taobh amuigh de na busanna nua a phéinteáil, rud ar a dtugtar an “libhré”.

# Cé na roghanna libhré atá ar fáil?


Na roghanna libhré atá curtha ar fáil le do bhreithniú, forbraíodh iad trí leas a bhaint as an bpailéad dathanna agus na treoirlínte caighdeánaithe atá in úsáid ag Iompar d'Éirinn (TFI) le haghaidh modhanna iompair.

Ar mhaithe le simplíocht, laghdaíomar an líon libhréithe atá á mbreithniú go ceithre cinn. Tá na roghanna léirithe ar leathanaigh 10, 11, 12 agus 13 den doiciméad seo.


Mar thoradh ar an obair sin, creidimid go mbeidh sé níos éasca na buanna atá ag gach libhré a mheas agus iad a chur i gcomparáid lena chéile.



# Cad atá i gceist leis an gCóras um Dhath de réir Modha atá in úsáid ag TFI?





Sannadh a dhath uathúil féin do gach modh iompair phoiblí. Tugtar an córas um dhath de réir modha air sin. Forbraíodh é chun brandáil iompair phoiblí a shimpliú agus chun córais aonfhoirmeacha chumarsáide a chruthú ina sainaithnítear modhanna iompair de réir datha agus íocóin. Is iad Glas TFI agus Busghorm TFI na dathanna atá ar fáil lena n-úsáid ar na libhréithe bus athdheartha. Níl sé beartaithe imeacht ó na dathanna sin a úsáid.




Cuirfear an córas um dhath de réir modha i bhfeidhm ar bhonn aonfhoirmeach ar fud gach píosa faisnéise iompair phoiblí, lena n-áirítear léarscáileanna iompair, comharthaí faisnéise, stadanna bus, suíomhanna Gréasáin agus aipeanna.

**Tá an córas um dhath de réir modha atá in úsáid ag TFI léirithe thíos.**









# Suirbhé


# Cuir do thuairim agus do smaointe in iúl dúinn


Táimid ar lorg tuairimí páirtithe leasmhara anois agus chuireamar sraith de libhréithe 'atá beartaithe' le chéile lena n-athbhreithniú – is féidir leat do thuairimí orthu a chur in iúl ar líne ag **www.busconnects.ie** nó tríd an suirbhé faoi iamh a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chugainn le casadh an phoist.


Ní thógfaidh sé ort ach cúpla nóiméad chun an suirbhé a chomhlánú. Ní gá duit ach súil a chaitheamh ar na léaráidí de libhréithe ar na leathanaigh seo a leanas agus an ceann is fearr leat a mharcáil mar uimhir 1 agus an dara ceann, an tríú ceann agus an ceathrú ceann is fearr leat a rangú dá réir sin.

## Rogha:

# A







# Rogha: B




# Rogha: C






# Rogha: D



## Rangaigh do roghanna in ord tosaíochta.

(Marcáil uimhir 1 in aice leis an rogha libhré is fearr leat, marcáil uimhir 2 in aice leis an dara ceann is fearr leat, etc.)

| ROGHA | RANGAIGH AN ROGHA SEO |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | |
| D | |

## CEIST:

**1:** I gcás go soláthraíonn níos mó ná oibreoir amháin seirbhísí bus Státchistithe i gcathair nó i réigiún ar leith, ar cheart libhré bus coiteann a bheith ann don chathair nó don réigiún sin?

BA CHEART ☐ NÍOR CHEART ☐

**2:** Ar cheart gach seirbhís bus Státchistithe a oibriú faoi libhré aonair nó faoi fhine libhréithe atá cosúil lena chéile?

BA CHEART ☐ NÍOR CHEART ☐

## TUAIRIMÍ BREISE:

Go raibh maith agat as páirt a ghlacadh sa suirbhé seo

Údarás
**Náisiúnta** Iompair
National **Transport** Authority

*Please return completed survey to:*

**Designing a new bus livery - Survey**
National Transport Authority
Dún Scéine
Harcourt Lane
Dublin 2
D02 WT20

*Seol an suirbhé comhlánaithe ar ais go:*

**Libhré bus nua a dhearadh - Suirbhé**
Údarás Náisiúnta Iompair
Dún Scéine
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20

**www.busconnects.ie**

arna dearadh ag **CATALYSTO**